Oíche Shamhna

Tasc A

Rólimirt

Ní fada go mbeidh Oíche Shamhna linn. Tá tusa agus do chairde ag ullmhú don lá dhraíochtúil seo. Beidh sibh ag dul chuig cóisir agus ag imirt an chluiche 'Bob nó Bia'. Tosaíonn sibh ag labhairt faoi na rudaí difriúla a dhéanfaidh sibh don ócáid seo.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Ar smaoinigh tú ar chulaith don ghléasadh suas? An dtig leat cur síos a dhéanamh uirthi?**
2. **Cad é an bia is mó a thaitníonn leat Oíche Shamhna? Inis dom faoi.**
3. **An bhfuil tú ag dúil le 'Bob nó Bia' a imirt oíche Shamhna? Cén fáth?**
4. **An mbíonn tusa nó duine ar bith eile sa teach ag bácáil ar Oíche Shamhna?**
5. **Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi Oíche Shamhna? Cén fáth?**
6. **An bhfuil rud ar bith a chuireann isteach ort faoi Oíche Shamhna? Cén fáth?**
7. **Cén dóigh a ndéanann do theaghlach Oíche Shamhna a cheiliúradh?**
8. **An imríonn tú cluichí speisialta d'Oíche Shamhna? Cad iad?**
9. **Is seanfhéile thábhachtach í Oíche Shamhna i bhféilire na nGael. An bhfuil a fhios agat cén fáth?**
10. **An bhfaca tú scannán riamh faoi thraidisiúin na Samhna i dtír ar bith eile? Labhair liom faoi.**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Oíche Shamhna
- Bob nó bia
- Ag dul ó dhoras go doras
- Ag gléasadh/gléasta mar ...
- Cóisir mhór – cnónna, brioscáin prátaí, milseáin, ceapairí, cístí bonnóga, líomanáid
- Bairín breac
- Toirtín úll
- Cnámharlach
- Cailleach ghránna, hata caillí, scuab caillí
- Ialtóg, sciathán leathair
- Vaimpír
- Con-riocht
- Puimcín/puimcíní
- Draíodóir
- Ag eitilt tríd an spéir
- Iomlán gealaí
- Teach siúil
- Reilig
- Taibhsí/púcaí
- Scanrúil, scáfar
- Tinte ealaíne

© CCEA 2022

Oíche Shamhna

Seanfhocail

Briseann an dúchas trí shúile an chait.
Ní mar a shíltear a bhítear.

Saibhreas Teanga

Chomh dubh le gual.
Dubh dorcha.
Chomh buí le hór.
Bhain sé geit asam.
Chuir sé eagla mo chraicinn orm.

Tasc B

1. Dán Acrastach

Caithfidh tú dán acrastach a chumadh bunaithe ar an téarma Oíche Shamhna. Tá cead agat focal ar bith a bhaineann le hOíche Shamhna a úsáid nó is féidir ceann de na focail seo a roghnú: PÚCA, CAILLEACH, PUIMCÍN, VAIMPÍR, GEALACH.

- Cuimhnigh go gcaithfear focal, frása, abairt nó aidiacht a roghnú le gach litir den fhocal a roghnaíonn tú, mar shampla –
  - Páistí ag gáire
  - "Úúúú," arsa an púca
  - Cailleach ag eitilt
  - An ghealach ag lonradh
- Cuimhní go gcaithfear d'fhocal a scríobh go hingearach.
- Bain úsáid as rudaí a bhaineann le hOíche Shamhna.
- Tarraing pictiúr nó íomhá den dán a scríobh tú.

Cuir i láthair do chairde é agus déan taifeadadh díot féin ar an iPad. Bain úsáid as guthanna scanrúla leat féin a chur in iúl ó tharla gur Oíche Shamhna atá ann. Is féidir fosta leabhrán scanrúil a dhéanamh de na dánta uilig a cumadh sa rang.

2. Scríobh Oideas Draíochtúil

Cur i gcéill gur cailleach nó draíodóir thú. Ba mhaith leat Deoch Dhraíochta a chruthú le tabhairt do pháistí dalba ar Oíche Shamhna. Ba mhaith leat go mbeadh gach páiste ar domhan ina chat dubh. Is fuath leat páistí beaga!
Breac síos na comhábhair a bhainfeá úsáid astu leis an deoch seo a chur le chéile.
Bain úsáid as comhábhair lofa agus shuimiúla, mar shampla 2 ladhar laghairte, 3 shúil ghla-sa gráinneoige, ribe fada gruaige ...
Tarraing pictiúr in aice le gach comhábhar a bhaineann tú úsáid as.
Bain úsáid as guth caillí leis an oideas a léamh amach sa tseomra ranga.

© CCEA 2022